

An Monatóir um Chuimsiú Sóisialta 2013

Márta 2015

Is é cuspóir an Mhonatóra um Chuimsiú Sóisialta tuairisciú go hoifigiúil ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo na sprice sóisialta náisiúnta maidir le laghdú na bochtaineachta, lena n-áirítear na fo-sprice maidir le bochtaineacht leanaí agus ar pháirt na hÉireann maidir le baint amach na sprice maidir le bochtaineacht faoi Eoraip 2020. Cuireann sé faisnéis ar fáil freisin ar na táscairí tacaíochta maidir le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta.

Tagraíonn an Monatóir seo don bhliain 2013, dá bhfuil na sonraí is déanaí ó Shuirbhé na Príomh-Oifige Staidrimh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (a foilsíodh i mí Eanáir 2015) ar fáil ina leith agus ó Eurostat (Feabhra 2015).

Táthar ag súil go mbeidh sonraí na bliana 2014 níos tráthúla.

Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a fhoilsíonn an Monatóir. Is í an Roinn amháin atá freagrach as anailís a dhéanamh ar na sonraí.



An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

Na Príomhthorthaí

- Leanadh ar aghaidh go leanúnach leis an téarnamh geilleagrach agus le fás fostaíochta in 2013, sa chaoi go raibh líon níos lú daoine dífhostaithe.
- Tháinig laghdú den chéad uair le trí bliana ar ráta na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta, mar a tharla i gcás ráta na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta ag am áirithe, rud a dheimhníonn gur tháinig feabhas ar ioncam na dteaghlach is boichte.
- Is de thoradh aistrithe sóisialta (gan pinsin a chur san áireamh) a ardaíodh beagnach an ceathrú cuid den daonra os cionn na tairsí maidir le bheith i mbaol bochtaineachta sa chaoi go ndearnadh laghdú éifeachtacht de 60 faoin gcéad ar bhochtaineacht, an céatadán is airde san AE.
- Tháinig méadú ar an ráta bunúsach díothachta go dtí os cionn 30 faoin gcéad agus teaghlach ag iarraidh streachailt le hoidhreacht na géarchéime geilleagraí a bhí ar siúl le cúig bliana in 2013.
- Mhéadaigh bochtaineacht leanúnach beagánín go 8.2 faoin gcéad, rud a d'fhág bearna de cheithre phointe céatadán a chaithfear déileáil leis má tá an sprioc eatramhach maidir le bochtaineacht le baint amach faoi 2016.
- Mhéadaigh bochtaineacht leanúnach i measc leanaí go dtí os cionn 11 faoin gcéad. Caithfear 100,000 leanbh a fhuascailt ó bhochtaineacht roimh 2020 má tá an sprioc maidir le bochtaineacht leanaí le baint amach.
- Ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir le baint amach na sprice faoi Eoraip 2020.
- Is beag athrú atá tagtha ar éagothroime ioncaim cé go bhfuil titim aon phointe céatadán go 5 faoin gcéad tagtha i gcás daoine atá ag fulaingt bochtaineachta agus iad ag obair.
- Cé gurb iad réigiúin na Teorann, an Oir-Dheiscirt agus an Iarthair na réigiúin ina bhfuil na leibhéil is airde maidir le bochtaineacht leanúnach (9-18 faoin gcéad), tríd is tríd ní féidir a rá go bhfuil cásanna bochtaineachta comhchruinnithe i limistéir faoi leith.